2026/1694

13.7.2026

TREOIRLÍNE (AE) 2026/1694 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 25 Meitheamh 2026

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2018/876 maidir le Clár Sonraí Institiúidí agus Cleamhnaithe (BCE/2018/16)*(BCE/2026/15)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 127(2) agus (5) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagail 5.1, 12.1 agus 14.3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Coinníonn an Banc Ceannais Eorpach (BCE) Clár Sonraí Institiúidí agus Cleamhnaithe (Register of Institutions and Affiliates Data, RIAD), ar tacar sonraí comhroinnte é don Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) de shonraí tagartha maidir le haonaid institiúideacha dlí agus aonaid institiúideacha staidrimh eile ('sonraí RIAD').

(2) Úsáidtear sonraí RIAD, i measc cuspóirí eile, le haghaidh liostaí oifigiúla na n-institiúidí airgeadais a ullmhaíonn agus a fhoilsíonn BCE, lena n-áirítear le haghaidh cistí infheistíochta (investment funds, IFanna). Úsáidtear faisnéis staidrimh maidir le IFanna arna mbailiú de bhun Rialachán (AE) 2024/1988 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/17) ([1]), lena n-athmhúnlaítear Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2013/38) ([2]), chun staidreamh IFanna a thiomsú ar bhonn comhiomlánaithe agus gráinneach ciste ar chiste araon. Is gá, dá bhrí sin, Treoirlíne (AE) 2018/876 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2018/16) a leasú ([3]) chun í a ailíniú le forálacha Rialachán (AE) 2024/1988 (BCE/2024/17), go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar na tréithe ábhartha uile a thaifeadadh in RIAD, agus leis an minicíocht is gá de bhun Rialachán (AE) 2024/1988 (BCE/2024/17).

(3) Tá gá le leasuithe ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2018/876 (BCE/2018/16) chun a áirithiú go léiríonn siad sonraíochtaí teicniúla reatha RIAD, go háirithe maidir le tréithe nach bhfuil gá leo a thuilleadh nó i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeadh bailiú córasach indéanta i gcónaí.

(4) Tugtar isteach leis an Treoirlíne seo freisin athruithe iarmhartacha tar éis aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 1071/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2013/33) ([4]) le Rialachán (AE) 2021/379 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/2) ([5]), aisghairm Threoirlíne BCE/2014/15 ón mBanc Ceannais Eorpach ([6]) le Treoirlíne

([1]) Rialachán (AE) 2024/1988 ón mBanc Ceannais Eorpach an 27 Meitheamh 2024 maidir le staidreamh i ndáil le cistí infheistíochta agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/32 (BCE/2014/62) (BCE/2024/17) (IO L, 2024/1988, 23.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1988/oj).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Deireadh Fómhair 2013 maidir le staidreamh i dtaca le sócmhainní agus dliteanais cistí infheistíochta (BCE/2013/38) (IO L 297, 7.11.2013, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1073/oj).

([3]) Treoirlíne (AE) 2018/876 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Meitheamh 2018 maidir le Clár Sonraí Institiúidí agus Cleamhnaithe (BCE/2018/16) (IO L 154, 18.6.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2018/876/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1071/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Meán Fómhair 2013 maidir le Painéal Eadrána agus a Rialacha Nós Imeachta a bhunú (athmhúnlú) (BCE/2013/33) (IO L 297, 7.11.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1071/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2021/379 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le míreanna cláir comhardaithe na n-institiúidí creidmheasa agus na hearnála institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2021/2) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/379/oj).

([6]) Treoirlíne BCE/2014/15 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Aibreán 2014 maidir le staidreamh airgeadaíochta agus airgeadais (BCE/2014/15) (IO L 340, 26.11.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2014/810/oj).

(AE) 2021/835 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/16) ([7]), agus glacadh Threoirlíne (AE) 2021/830 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/11) ([8]), chomh maith le haisghairm Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus glacadh Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([11])

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2018/876 (BCE/2018/16) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2018/876 (BCE/2018/16) mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (22):

'(22) "ciallaíonn 'institiúid airgeadais airgeadaíochta" nó "IAA" "institiúid airgeadais airgeadaíochta" mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/379 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/2 (*);

_____

(*) Rialachán (AE) 2021/379 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le míreanna cláir comhardaithe na n-institiúidí creidmheasa agus na hearnála institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2021/2) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/379/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (23):

'(23) ciallaíonn "ciste infheistíochta" nó "IF" "ciste infheistíochta" mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2024/1988 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/17) (*);

_____

(*) Rialachán (AE) 2024/1988 ón mBanc Ceannais Eorpach an 27 Meitheamh 2024 maidir le staidreamh i ndáil le cistí infheistíochta agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/32 (BCE/2014/62) (BCE/2024/17) (IO L, 2024/1988, 23.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1988/oj).';

([7]) Treoirlíne (AE) 2021/835 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Márta 2021 lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2014/15 maidir le staidreamh airgeadaíochta agus airgeadais (BCE/2021/16) (IO L 208, 11.6.2021, lch. 335, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2021/835/oj

([8]) Treoirlíne (AE) 2021/830 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Márta 2021 maidir le staidreamh mír den chlár comhardaithe agus staidreamh rátaí úis institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2021/11) (IO L 208, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2021/830/oj).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.01.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/45/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

2. In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Faoi réir cheanglais Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus ar i gcomhréir leo a phróiseálfar aon sonraí pearsanta in RIAD, ní scriosfaidh BCNanna eintitis a thaifeadtar in RIAD chun a áirithiú go mbeidh taifead ann ar eintiteas agus ar a shaolré. Bunóidh BCE nós imeachta chun earráidí fíorasacha a cheartú, agus cuirfidh sé ar fáil do na BCNanna é.

(*) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).';

3. In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Gan dochar do chearta fíorúcháin BCE faoi Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 agus Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2), déanfaidh na BCNanna faireachán agus áiritheoidh siad cáilíocht na faisnéise uile arna cur ar fáil do BCE i gcomhréir leis na prionsabail is infheidhme maidir le rialachas staidrimh agus leis an gcreat dearbhaithe cáilíochta arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BCE.';

4. In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun gur féidir an liosta IAAnna dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2) a bhunú agus a chothabháil, déanfaidh na BCNanna na haitreabúidí a shonraítear i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoirlíne seo a thaifeadadh in RIAD de réir na n-eatramh a leagtar síos.';

5. Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun gur féidir an liosta Ifanna dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1988 (BCE/2024/17) a bhunú agus a chothabháil, déanfaidh na BCNanna na haitreabúidí a shonraítear i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoirlíne seo a thaifeadadh in RIAD de réir na n-eatramh a leagtar síos.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tuairisceoidh BCNanna aon nuashonrú ar na tréithe a shonraítear le haghaidh IFanna i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I, go háirithe nuair a thagann IF isteach i bpobal IF nó nuair a fhágann sé é, agus déanfaidh siad iad a thaifeadadh in RIAD ar bhonn míosúil ar a laghad, laistigh de 28 lá oibre tar éis dheireadh na míosa. Déanfaidh BCNanna an tréith glanluacha sócmhainní le haghaidh gach IFanna a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil, laistigh de 28 lá oibre ó dháta tagartha dheireadh na bliana. I gcás inar deonaíodh maolú do IF faoi Airteagal 10(7) de Rialachán (AE) 2024/1988 (BCE/2024/17), cuirfear síneadh leis na sprioc-amanna a leagtar amach sa mhír seo chun na sprioc-amanna arna socrú don IF lena mbaineann ag an BCN ábhartha chun an fhaisnéis staidrimh ábhartha a thuairisciú a chur san áireamh.';

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

'*Airteagal 21*

Staidreamh i ndáil le hÍtimí Cláir Comhardaithe indibhidiúla ("iBSI") agus Ráta Úis IAA indibhidiúil ("iMIR")

Áiritheoidh BCNanna inniúla go ndéanfar an fhaisnéis maidir leis na gníomhairí tuairiscithe nach mór do BCNanna sonraí iBSI nó iMIR a thuairisciú do BCE ina leith i gcomhréir le Treoirlíne (AE) 2021/830 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/11) (*) a thaifeadadh go cruinn in RIAD. Déanfaidh BCNanna inniúla na leasuithe is gá ar an bhfaisnéis arna taifeadadh in RIAD i gcás ina bhfuil athruithe ar na gníomhairí tuairiscithe a bhfuil sonraí iBSI nó iMIR le tuairisciú ina leith.

(*) Treoirlíne (AE) 2021/830 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Márta 2021 maidir le staidreamh mír den chlár comhardaithe agus staidreamh rátaí úis institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2021/11) (IO L 208, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2021/830/oj).';

7. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

‘*Airteagal 26*

Sonraí tagartha atá ábhartha i ndáil le CSDB

Déanfaidh BCNanna taifead in RIAD ar na tréithe uile a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoirlíne seo d’eisitheoirí urrús atá ina gcónaí ina dtír agus atá taifeadta in CSDB i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Threoirlíne (AE) 2022/971 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/25) (*). Áiritheoidh na BCNanna go bhfuil na heintitis sin nasctha le CSDB trí aitheantóir coiteann cobhsaí eintitis lena gcumhdaítear na heintitis sin i ngach earnáil.

_____

(*) Treoirlíne (AE) 2022/971 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Bealtaine 2022 maidir leis an mBunachar Sonraí Lárnaithe um Urrúis agus táirgeadh staidrimh um eisiúintí urrús agus lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2012/21 agus Treoirlíne (AE) 2021/834 (BCE/2022/25) (IO L 166, 22.6.2022, lch. 147, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2022/971/oj).’.

8. Cuirtear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoirlíne seo in ionad Iarscríbhinní I agus II.

Airteagal 2

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Treoirlíne seo in éifeacht ar an lá a dtabharfar fógra faoi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo chuig bainc cheannais uile an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 25 Meitheamh 2026.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I de Threoirlíne (AE) 2018/876 (BCE/2018/16):

IARSCRÍBHINN I

AN CLÁR SONRAÍ INSTITIÚIDÍ AGUS CLEAMHNAITHE (REGISTER OF INSTITUTIONS AND AFFILIATES DATA, RIAD) – LIOSTAÍ LE FOILSIÚ

CUID 1

Aitreabúidí atá le tuairisciú i ndáil le tacair sonraí arna gcothabháil lena bhfoilsiú

Ainm tréithe [a]	Ábhartha i gcomhthéacs an liosta de											
	IAAnna		IFanna		FVCanna		PSRInna [a]		ICanna		PFanna	
	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe
Aitheantóirí												
— Cód RIAD	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
— Aitheantóir náisiúnta (*)	M	d	O	m	M	q	M	a	M	q	M	q
— Cód EGR	O	d			O	q						
— LEI (*)	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
— Cód aitheantais gnó (Business identifier code, BIC)	O	d										
Ainm	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Tír chónaithe	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Seoladh (**)	M	d	O	m	O	q	M	a	M	q	M	q
Foirm dhlíthiúil (**)	M	d	O	m	O	q	O	a	O	q	O	q
Cineál maoirseachta (**)	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Ceanglais maidir le tuairisciú	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Cineál ceadúnais baincéireachta	M	d					O	a				
Luaitear comhlíontacht GCUI ina leith			M	m								
An bhfuil sé comhlíontach le GCUInna			M	m								
Cineál an urrúsúcháin					M	q						
Cineál Cistí Infheistíochta			M	m								
Beartas infheistíochta le haghaidh IFanna			M	m								
Stíl infheistíochta:			M	m								
Fócas geografach			M	m								

Ainm tréithe [a]	Ábhartha i gcomhthéacs an liosta de											
	IAAnna		IFanna		FVCanna		PSRInna [a]		ICanna		PFanna	
	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe
Fócas ar infheistíochtaí bannaí (**)			M	m								
Bonn infheisteoirí			M	m								
Cineál an chiste eastáit réadaigh (**)			M	m								
Iontaobhas infheistíochta eastáit réadaigh			M	m								
Minicíocht fuascailte			M	m								
Cinéal comhlíontacht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (ESG)			M	m								
Cineál Cistí Pinsin											M	q
Luaitear 'urraithe' ina leith. (**)											M	q
Luaitear Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta (PSP) ina leith							M	a				
Luaitear Oibreoir córais íocaíochta (PSO) ina leith							M	a				
Luaitear PSB beag ina leith							M	a				
Luaitear gur deonaíodh maolú PSP ina leith							M	a				
Cineál ceadúnais PSP (**)							M	a				
Earnáil institiúideach	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Mionsonraí faoin earnáil institiúideach	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Rialú ar an earnáil institiúideach	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Cód NACE	M	d	M	m	M	q	O	a	M	q	M	q
Suíomh geografach (NUTS) (**) (***)	M	d	O	m	O	q	M	a	M	q	M	q
Fostaíocht *intíre* (+)	O	a	O	a	O	a	O	a	O	a	O	a
Iomlán an chláir chomhardaithe (Rialachán BCE) *intíre* (+)	M	a							O [b]	a	O	a
Glansócmhainní *intíre* (+)	O	a	M	a								
Préimheanna comhlána arna scríobh *intíre* (+)									M	a		

Ainm tréithe [a]	Ábhartha i gcomhthéacs an liosta de											
	IAAnna		IFanna		FVCanna		PSRInna [a]		ICanna		PFanna	
	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe
Fostaíocht iomlán (++)	O	a	O	a	O	a	O	a	O	a	O	a
Iomlán an chláir comhardaithe (++)	M	a	O	a	O	a			O [b]	a	O	a
Préimheanna comhlána arna scríobh (++)									M	a		
Dáta breithe	O	d	O	m	O	q	O	a	O	q	O	q
Dáta dúnta	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Luaitear 'Neamhghníomhach' ina leith. (**)	M	d	M	m	M	q	M	a	M	q	M	q
Luaitear 'Á Leachtú' ina leith. (**)	M	d	O	m	M	q	M	a	M	q	O	q
Contrapháirtithe riachtanacha												
Tionscnóir an FVC					M	q						
Cuideachta bainistíochta (**)			M	m	M	q					M [c]	q
Ceanncheathrú (**)	M	d							M	q	M	q

(+) cé is moite de bhrainsí neamhchónaitheacha (nó ceanncheathrú).
(++) ena n-áirítear brainsí neamhchónaitheacha (más infheidhme).
(*) de réir mar atá ar fáil (le tuairisciú i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ar fáil do BCNanna).
(**) de réir mar is infheidhme (le tuairisciú i gcás ina bhfuil feidhm ag an aitreabúid maidir leis an eintiteas).
(***) tréith dhíorthaithe.
[a] Bíodh a fhios agat go bhféadfadh forluí a bheith idir an liosta de na PSRInna agus an liosta de na IAAnna.
[b] Ba cheart tuairisciú a dhéanamh air sin i ndáil le hathróg amháin ar a laghad ag brath ar an gcóras bailithe sonraí.
[c] Is ionann an aitreabúid sin agus tagairt do bhainisteoirí cistí pinsin maidir leis na sonraí arna dtuairisciú ag na heintitis sin de bhun Rialachán (AE) 2018/231 (BCE/2018/2).

Ábharthacht: **M** (éigeantach), **O** (roghnach), bán (neamhbhainteach).
Minicíocht: **a** (bliantúil), **q** (ráithiúil), **m** (míosúil), **d** (laethúil/a luaithe a tharlaíonn athrú).
Tráthchlár: gcás sonraí bliantúla, mí amháin tar éis an dáta tagartha atá i gceist mura sonraítear a mhalairt sa Treoirlíne seo.

CUID 2

Cineálacha gaolmhaireachtaí idir eintitis

	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe
1. **Gaolmhaireachtaí le fiontar**		
Gaolmhaireachta idir aonad dlítheanach/aonaid dhlítheanacha agus fiontar	O	-
2. **Gaolmhaireachtaí laistigh de ghrúpaí fiontar**		
Gaolmhaireachtaí rialúcháin idir aonaid dhlítheanacha	M [d]	q
Gaolmhaireacht úinéireachta (neamhrialaithe) idir aonaid dhlítheanacha	O	q

	Cineál	Minicíocht an nuashonraithe
3. **Gaolmhaireachtaí eile**		
Nasc idir tionscnóir agus a FVC	M	q
Nasc idir cuideachta bainistíochta agus a IF ([g]) (**)	M	m
Nasc idir cuideachta bainistíochta agus a FVC/IF/PF ([g]) (**)	M	q
Nasc idir brainse neamhchónaitheach agus a cheanncheathrú chónaitheach	M	q ([e])
Nasc idir brainse cónaitheach agus a cheanncheathrú neamhchónaitheach	M	q
Nasc idir fochiste agus bratchiste (**)	M	q
Nasc idir eintiteas agus a mháthairchuideachta dheiridh ([i]) (**)	M	m
Nasc idir ciste pinsin agus a urraitheoir (**)	O	q

([d]) baineann ach le 'grúpaí baincéireachta' a bhfuil a gceanncheathrú acu sa limistéar euro agus le contrapháirtithe a bheartaítear le Rialachán (AE) 2016/867 (BCE/2016/13); roghnach seachas sin.
([e]) gach ráithe ar a laghad, ag brath ar an earnáil.
([i]) ní bhaineann ach le heintitis atá ábhartha i ndáil le AnaCredit.
([g]) seachas eintitis fhéinbhainistithe.
(**) de réir mar is infheidhme (le tuairisciú i gcás ina bhfuil feidhm ag an aitreabúid maidir leis an eintiteas).

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II de Threoirlíne (AE) 2018/876 (BCE/2018/16):

IARSCRÍBHINN II

AN CLÁR SONRAÍ INSTITIÚIDÍ AGUS CLEAMHNAITHE (REGISTER OF INSTITUTIONS AND AFFILIATES DATA, RIAD) – LIOSTAÍ NACH BHFUIL LE FOILSIÚ

Aitreabúidí atá le tuairisciú i ndáil le tacair sonraí de réir a gcreata dhlíthiúil faoi seach dá dtagraítear i gCaibidil VII

Ainm na haitreabúide	Staidreamh indibhidiúil BSI agus MIR (iBSI-iMIR)	Rialachán (AE) Uimh. 1333/2014 (BCE/2014/48) agus an ráta gearrthéarmach euro	Eintitis atá ábhartha i ndáil le Bainistiú Comhthaobh-achta	Córas Bainistithe Cisteáin (Treasury Management System, TMS)	Bunachar Sonraí Staitisticí i ndáil le Sealbhaíocht Urrús (SHSDB) [1]	Bunachar Sonraí Urrús Láraithe (Centralised Securities Database, CSDB)	Comhchoiteann Gráinneach Anailíseach Bunachar sonraí creidmheasa (AnaCredit) [2]
Aitheantóirí Eintitis							
— Cód RIAD	x	x	x	x	x	x	x
— LEI (*)		x	x		x	x	x
— Aitheantóirí náisiúnta (*)			x		x	x	x
— Aitheantóirí Eile			x	x	x	x	x
Ainm	x	x	x	x	x	x	x
Tír chónaithe	x	x	x	x	x	x	x
Seoladh							x
Foirm dhlíthiúil							x
Earnáil institiúideach	x	x	x	x	x	x	x
Mionsonraí faoin earnáil institiúideach	x	x	x	x	x	x	x
Rialú ar an earnáil institiúideach	x	x	x	x	x	x	x
Grúpa comhthaobhachta			x				
Cód NACE					x	x	x
Suíomh geografach (NUTS) (**)							x
Luaitear CCP ina leith		x					
Ceanglais maidir le tuairisciú							x
Creat Cuntasaíochta							x
Fostaíocht iomlán							x
Iomlán an cláir comhardaithe							x
Méid an fhiontair							x
Láimhdeachas bliantúil							x

Ainm na haitreabúide	Staidreamh indibhidiúil BSI agus MIR (iBSI-iMIR)	Rialachán (AE) Uimh. 1333/2014 (BCE/2014/48) agus an ráta gearrthéarmach euro	Eintitis atá ábhartha i ndáil le Bainistiú Comhthaobh-achta	Córas Bainistithe Cisteáin (Treasury Management System, TMS)	Bunachar Sonraí Staitisticí i ndáil le Sealbhaíocht Urrús (SHSDB) [1]	Bunachar Sonraí Urrús Láraithe (Centralised Securities Database, CSDB)	Comhchoiteann Gráinneach Anailíseach Bunachar sonraí creidmheasa (AnaCredit) [2]
Stádas na n-imeachtaí dlíthiúla							x
Dáta breithe	x	x	x	x	x	x	x
Dáta dúnta	x	x	x	x	x	x	x
Luaitear 'Neamhghníomhach' ina leith	x	x	x	x	x	x	
Gaolmhaireachtaí							
— Gaol úinéireachta			x				
— Gaol brainse			x				
Nasc							
— chuig an gceanncheathrú					x		x
— leis an máthairchuideachta a bhfuil sé faoina rialú díreach					x		x
— leis an máthairchuideachta a bhfuil sé faoina rialú deiridh					x		x
— leis an gcuideachta bainistíochta							x

([1]) Sonraítear sna gníomhartha dlíthiúla faoi seach an liosta de na haitreabúidí éigeantacha le haghaidh róil ábhartha chontrapháirtí SHSDB.
([2]) Braitheann an liosta de na haitreabúidí éigeantacha le haghaidh contrapháirtí sonrach de chuid AnaCredit ar a ról (iasachtaí, ráthóir, etc.), a chónaitheacht (laistigh/lasmuigh den Bhallstát tuairiscithe), agus ar an dáta ar deonaíodh an iasacht mar a shonraítear sna gníomhartha dlíthiúla faoi seach.
(*) Ba cheart 'LEI' nó, mura bhfuil sé ar fáil, 'Aitheantóirí náisiúnta' a thabhairt mar aitreabúidí éigeantacha.
(**) tréith dhíorthaithe.